CUR CHUIGE DON LITEARTHACHT DISCIPLÍN

CEISTIGH

Cuir ceisteanna spreagúla: ceisteanna ar nós 'Cén chaoi, conas agus cén fáth' ach go háirithe. Cuir ceisteanna a bhaineann leis an saol.

Conas...?
Cén fáth...?
Meas tú..?
Ach céard faoi má..
Cén chúis atá le..?

FIOSRAIGH

Pléigh agus scrúdaigh roinnt tuairimí agus tuilleadh ceisteanna. Labhair leis na páistí mar a labhródh eolaí, stairí, matamaiticeoir srl. Tacaigh leis na dalta*í* ceisteanna a chur agus tuairimí a nochtadh ag tabhairt an teanga chuí dóibh. Cuir ceisteanna oscailte agus cláraigh tuairimí agus smaointe.

LÉIGH

Léigh le fáil amach an bhfuil an t-eolas sna leabhair ag dul leis an eolas atá againne, nó an bhfuil eolas nua ann? Beidh an múinteoir agus/nó na daltaí ag léamh chun smaointe agus teanga an ábhair a fhiosrú agus a chleachtadh.

SCRÍOBH

Tarraing/Scríobh do chuid smaointe: léaraidí, liostaí, naisc srl. agus mínigh do chuid scríbhínní don rang. Is féidir scríbhneoireacht mhúnlaithe, roinnte, faoi threoir nó neamhspleách a bheith i gceist.

PLÉIGH

Tarraing an t-eolas ar fad le cheile. ó na ceisteanna agus smaointe ón tús, an léitheoireacht a rinneadh, scríbhíní na bpáistí srl agus plé le chéile: céard a cheapann muid anois?

Curtha in oiriúnt ó: Wright & Gotwals, 2017